Cuireadh isteach go mór ar ár Seirbhísi Poiblí in 2020 de

bharr phaindéim Covid-19. Dúnadh an Seomra Léitheoireachta

don phobal ó mhí an Mhárta go dtí mí an Mheithimh 2020.

Athoscailodh é go dtí mí Mheán Fómhair 2020 agus dúnadh ansin

é go dtí cúpla seachtain i mí na Nollag 2020.

Coinnítear an t-ábhar cartlainne i dtuaisce i réimsí stórála atá slán

sábháilte agus cuireann ball foirne an t-ábhar ar fáil lena scrúdú ar a

iarraidh ag taighdheoir nó ag 'léitheoir' a bhfuil Ticead Léitheora baili aige.

Tá áiseanna ainmsithe maidir leis an ábhar cartlainne ar fáil go hoscailte

sa Seomra Léitheoireachta nó ar an idirlíon ar www.nationalarchives.ie.

Líon na gcuairteoirí

In 2020, ba 1,843 an líon iomlán taighdheoirí a d'úsáid an Seomra

Léitheoireachta i rith uaireanta oscailte; laghdú mór ar an líon a

bhí an in 2019, 7,727. Tharla sin mar thoradh díreach ar an tseirbhís

theoranta a rabhtas in ann a chur ar fáil faoi shrianta COVID-19.

B'éigean an Seomra Léitheoireachta a dhúnadh don phobal an 13

Márta. Nuair a ceadatodh athoscailt, mar ab amhlaidh le hinstitiúidí

cultúir eile, ón 29 Meithheamh, níor ligeadh isteach ach líon

laghdaithe taighdheoirí ar bhonn coinne agus sin amháin. Forbraíodh

córas ar líne chun an Seomra Léitheoireachta a chur in áirithne, rud

a thug deis don phobal áit a chur in áirithne ar laethanta faoi leith a

raibh an Seomra ar oscailt, agus níor tugadh cead isteach ach do líon



NAI/OS/140/1842/sheet/23/1
Lámhscríbhinn Plean Baile de
chathair Chorcaí, ina léirítear
Cé na hAontachta, Cé Ailbhe
agus Cé an Lapaigh, 1842

Obair Caomhnúcháin ar Abhar Cartlainne



Déanann Zoe & Ellen gcaomhnaithear ár gcartlann i gCaomhnú cinnte go gcaomhnaithear ár gcartlann do na glúnta atá le teacht.

4.18

Obair dheisiúcháin

Cuidíonn seirbhísi caomhnúcháin le hobair lárnach a bhfuil buntábhacht léi maidir le caomhnú fadtéarmach an ábhair sa bhláin 2020 agus cuireadh athrú ar an gcleachtas oibre. D’ainneoin sin, baineadh amach go leor spriocanna agus rinneadh dul chun rochtain ar líne a fháil ina leith agus iad a fhoilsiú, caomhnáil iad sular digitíodh iad. Ina measc bhí obair ar Pháipéir Anacra áirithe ó Oifig an Phríomh-Rúnaí, a ndearnadh iad a dhigitíú le húsáid ar na leathanaigh ghreasaín Cholaíste na hOllscoile, Corcaigh/RTÉ, a bhaineann leis an nGorta Mór, 1845-1849.⁷

Rinneadh méid mór oibre ar thaifid a tartrháladh i ndiaidh dhóiteán 1922 a scrios Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann agus rinneadh dul chun cinn maith ar an obair ar an tionscadal *Beyond 2022* (féach 7.16), d’ainneoin srianta COVID-19 ar fhreastal ar an áit oibre. Thug an Caomhnóir Sinsearach faoin obair mheasúnaithe, shuirbhéireachta agus phleanála chomh maith le cóireálacha caomhnaithe a chur i bhfeidhm. Ní raibh aon chúnamh ag an gCaomhnóir Sinsearach ó Márta 2019. Aitiríodh tacaíocht a thabhairt d’obair an Aonaid Digitíúcháin, d’obair na Seirbhísi Poiblí ábhar do thaighde, ábhar reapragrafaíochta agus ábhar le taispeáint a ullmhú.

4.19

7. <https://www.rte.ie/history/the-distress-papers/>

4.20

Rinne an tAonad Caomhnúcháin cúram agus cothabháil an trealamh sainspeisialta sna seomraí Caomhnúcháin (Seomraí 4.3.1 agus 4.4) agus i Seomra Oibre 2.6.2 a bhainistiú.

Monatóireacht ar an Timpallacht

Tá sonraí ardchaighdeán a gcur ar fáil i gcónaí faoin teocht agus faoin mbogthaisce choibhneasta leis an gcóras monatóireachta. Leiríodh i rith na bliana 2020 nach rabhtas ag teacht leis na caighdeán a mhoitir i gceachtar den dá áras. Rinneadh cothabháil ar an trealamh chun monatóireacht a dhéanamh ar an timpallacht i dtaisclanna Shráid an Easpaig agus na gCeithre Cúirteanna. Ceannafódh monatóirí breise le haghaidh áiseanna stórais lasmuigh den láthair.

4.22

Cuireadh comhairle ar bhaill foirne eile maidir le roinnt tionscadal a phlé le bailiúcháin a raibh siad ag obair orthu, agus cuireadh comhairle ar Ranna agus ar chomhlachtaí Stáit, ina measc an Phríomh-Oifig Staidrimh, a bhí ag obair le bailiúcháin chartlann de thaifid stairiúla agus leochailleacha.

4.23

Níl de bhaill foirne gairmiúla maidir le hobair chaomhnúcháin ar fhoireann bhuan na Cartlainne Náisiúnta ach an Caomhnóir Sinsearach amháin. Ciallaíonn sin go bhfuil ár gCaomhnóir Sinsearach freagrach as treo straitéiseach an chaomhnúcháin sa Chartlann Náisiúnta, fad a ghlacann sé páirt i seirbhísi caomhnúcháin a sholáthar. Ní féidir leanuint ar aghaidh mar sin go fadtéarmach agus níl sé oiriúnach don phleanáil comharbais maidir le hiarracht caomhnúcháin i gcartlann náisiúnta Stát nua-aimseartha.

4.24

Leanadh de chur le gníomhaíochtaí for-rochtana na Cartlainne Náisiúnta trí bhithin ailt a fhoilsiú i gcló agus ar líne, cuir i láthair ag comhdhálaacha agus ceardlanna. Thug criúna scannánaíochta roinnt cuairteanna ar an aonad caomhnúcháin in 2020 agus coimisiúnáíodh gearrscannán do láithreán greasaín na Cartlainne Náisiúnta. Luaitear na gníomhaíochtaí sin in áiteanna eile sa tuarascáil seo (féach 5.21 thíos).

Obair Caomhnúcháin Ar Abhar Cartlainne

mboscaí nach raibh ar chaighdeán cartlainníochta. Leanadh den obair chun doiciméid chúite i bhformáid mhór, go háirithe, a shórtáil, a eagrú, a liostú agus a athphacáil, cé gur cuirteadh isteach go mór ar an dul chun cinn de bharr srianta COVID-19 ar fhreastal ar an áit oibre, ó mhí an Mhárta ar aghaidh.

Micreascannáin caomhnúcháin a stóráil

Seoltar máistirchóipeanna mhicreascannáin caomhnúcháin na Cartlainne Náisiúnta go dtí áis stórála micreascannán náisiúnta na Ríochta Aontaithe i Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige in Aberystwyth.

4.10

Plean Tubaiste

Tugadh Plean Tubaiste na Cartlainne Náisiúnta cothrom le dáta i mí an

Mhárta 2020. De bharr phaindéim COVID-19 agus na srianta ar fhreastal ar an áit oibre, níor ttonóladh na seisiúin oiliúna bliantúla maidir le dul i ngleic le tubaiste, leis na Foirne um Aisghabháil Bailiúcháin. Ceannaíodh tuilleadh pacáistí PPE (trealamh cosanta pearsanta) agus ábhar riachtanach chun teagmhas uisce-bhunaithe a choimeád faoi smacht le haghaidh Trádstóras na gCeithre Cúirteanna agus Bhaile an Bhreáigh.

4.12

Líostaí Seilfeanna

Leanadh in ionaid stórála na gcartlann i Sráid an Easpaig den obair maidir le líostaí seilfeanna ionas go bhfuil tuairisc ar áit stórála na gcáipéisí agus chun gur féidir iad a ordú ar an idirlíon agus tuairisc a choinneáil go huathoibríoch ar aistrití cáipéisí. Ach, tá bac curtha le dul chun cinn na hoibre seo mar gheall ar acmhainní foirne. Gabhadh sonraí chun inneachar an tseomra taiscailinne ar Urlár 1 agus cuirteadh tús leis an obair chun an t-inneachar a sheiceáil agus na sonraí suimh d'Urlár 2 a thabhairt cothrom le dáta. De bharr srianta COVID-19, cuireadh an obair sin ar fionraí go sealadach i mí an Mhárta 2020. Tugadh faoi athbhreithniú agus nuashonrú de na líostaí suimh atá ann do stóráil sa taisclann sna Ceithre Chúirteanna agus in ionad stórála i Sráid an Easpaig chomh maith.

4.13

Ullmhú do thús a chur le Tionscadal Thaisclann na Cartlainne

Tugadh tuairisc roimhe seo ar Thionscadal Thaisclann na Cartlainne trína gcuirfeear áis stórála shaindeartha ar chaighdeán idirnáisiúnta ar fáil in áras na Cartlainne Náisiúnta ar Shráid an Easpaig. Ar an gcéad chéim den obair a thabhairt chun críche, lena gcuirfeear ionaid stórála ar fáil ar dhá leibhéal, cinnteofar dóthain spáis ar fáil ag an gCartlann Náisiúnta chun glacadh isteach le tairfid Roinne amach go dtí an bhliain 2040 ar a laghad. Déanfar soláthar leis gcéad chéim den obair thógála d'fhairsingiú ar an spás stórála san am atá romhainn ionas gur féidir trí leibhéal eile stórála sa bhreis a chur ar fáil. Tá an tionscadal tógála faoi mhaoirseacht Oifig na nOibreacha Poiblí agus


4.14

comhairle ghairmiúil maidir le gnéithe cartlainníochta á cur ar fáil ag an gCartlann Náisiúnta. Tá an fhoireann dearaidh i bhfeidhm ó 2016. Eisíodh Glao ar Thairiscintí maidir le tógáil i mí Dheireadh Fómhair 2019. Chuathas i mbun an phróisis taiscirceana le haghaidh sainseirbhísí forchoimeáda i rith 2020, ach chuir srianta de bharr COVID-19 moill ar an bpróiseas foriomlán taiscirceana do Thionscadal Thaisclann na Cartlainne.

D'aimisigh Oifig na nOibreacha Poiblí ionaid eile stórála i rith na bliana 2017 ina bhféadfaí ábhar cartlainne a bhí i dtáisce i stór Shráid an

Easpaig a choinneáil, rud a d'fhág gurbh fhéidir tús a chur leis an obair thógála ar Thionscadal Thaisclann na Cartlainne. Tá an chóiríocht eile stórála sin comhdhéanta de thaiscí in áis stórála tairfead tráchtála agus i dtádstóras ar leith chun bheith bainistithe ag an gCartlann Náisiúnta. I mí Lúnasa 2020, tugadh próiseas taiscirceana chun críche chun stóras breise taobh amuigh den láthair a aimsiú in áis stórais tairfead tráchtála, le go bhféadfaí tairfid roinne a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. Mar thoradh ar an tairiscint sin, aimsíodh taisce bhreise lena gcuirfeear spás ar fáil do 5,000 gnáthbhosca cartlainne. Faoi dheireadh 2020, bhí tuairim is 45,000 gnáthbhosca cartlainne, nó a gcomhionann, stóráilte in áis stórais tairfead tráchtála ag an gCartlann Náisiúnta.

NAI/OPW/SHC/4 /955/22
Aghaidhchó de 'Atógáil
Beartaithe na hAmharclanna
Ríoga, Sráid Hawkins, Baile
Atha Cliath do Chompántas
Amharclanníochta Bhaile
Atha Cliath Teoranta, an 30
Samhain 1934



Is é an Rannán um Chúram Bailiúcháin an t-aonad gnó sa Chartlann Náisiúnta atá freagrach as stóráil, caomhnú agus coinneáil cartlann a bhainistiú. Tá an Rannán um Chúram Bailiúcháin agus Seirbhísi Poiblí chomhdhéanta den aonad seo agus den Aonad um Sheirbhísi Poiblí (féach Cuid 5 thíos), a bhfuil an Coimeádaí ina cheannasal air.

In 2020, bhí foireann an Rannáin um Chúram Bailiúcháin comhdhéanta de Chaomhnóir Sinsearach agus Cartlannal Sinsearach, beirt Chartlannaithe, Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus triúr Oifigeach Cleireachais. I mí Dheireadh Fómhair 2020, aistríodh Oifigeach Cleireachais as an rannán agus ceapadh Oifigeach Cleireachais nua. Tá folúntas ann d'Oifigeach Feidhmiúcháin agus do bheirt Oifigeach Cleireachais san rannán. Ina theannta sin, bíonn an Príomhoifigeach Seirbhísi agus triúr Oifigeach Seirbhísi rannpháirteach in obair an Rannáin um Chúram Bailiúcháin trí bhíthin cartlanna a chur ar sheilfteanna agus a athphacáil, agus cartlanna a fháil amach as an stóras nuair atá siad de dhíth ón bpobal sa Seomra Léitheoireachta agus ón bhfoireann, agus iad a chur ar ais arís. Bíonn na hOifigigh Seirbhísi ag obair ag an deasc fáiltithe ar an gcéad urlár chun fáilte a chur roimh chuairteoirí agus roimh chonraitheoirí agus cuidiú leo ar theacht isteach dóibh, chomh maith le tabhairt faoi dhualgais slándála agus sábháilteachta dóiteáin. I mí Mheán Fómhair 2020, tionóladh comórtas chun folúntas ar ghrád an Oifigigh Seirbhísi a líonadh. Tionóladh agallaimh go luath i mí na Nollai 2020 agus cuireadh painéal ar bun lena bhfeadfaí ceapacháin a dhéanamh.

Is é an Caomhnóir Sinsearach an t-aon duine gairmiúil a thugann faoi fheidhmeanna caomhnaithe (féach 4.19 thíos).

4.4

Tá caomhnú an ábhar cartlainne ar cheann de na príomhfheidhmeanna a leagtar ar an gCartlann Náisiúnta faoin reachtáíocht. Tagann sé i gceist le hobair an uile dhuine den fhoireann, caitear cuid mhór d'am oibre na foirne leis agus teastáíonn acmhainní a chaitheamh leis go leanúnach.

4.5

Déantar gach beart nua taithead a fhaighthear a phacáil i mboscaí ar chaighdeán cartlannaíochta atá saor ó aigéad agus a sheiceáil sula gcuirtear ar sheilfteanna iad ionas go seachnaítear aon riaráiste a chruthú maidir le hábhar cartlannaíochta ar gá bearta caomhnúcháin orthu san am atá le theacht. Tarlaíonn athphacáil agus malartú boscaí go leanúnach ó thús go deireadh na bliana. Déantar obair speisialta caomhnúcháin, ábhar a chur i mboscaí san áireamh, ar an ábhar atá i dtaisce cheana féin chomh maith. Bainean le tionscnaimh eile seiceáil iomlán a dhéanamh ar bhailiúcháin, iad a chur faoi chumhdach nua agus i mboscaí nua. Ar na bearta eile oibre, áirítear réamhphacáil cháipéisí i mboscaí agus iad a bhreithniú maidir leis an obair atá de dhíth ina leith agus eolas a leagan amach don phleanáil ar obair san am atá romhainn. Bíonn oiliúint á cur go leanúnach ar bhaill foirne maidir le hábhar cartlainne a láimhseáil ar mhaithe lena gcaomhnú.

4.6

Cuireadh aistríthe bliantúla de thaifid ó Ranna Stáit agus ó chomhlachtaí eile ar ionann iad agus tuairim is 935 bosca cartlainne ar sheilfteanna sa taisclann i Sráid an Easpaig agus sa taisclann sna Ceithre Cúirteanna. I mí Dheireadh Fómhair 2020, aistríodh taifid de Leabhair Inneachair Garraithe na Suirbhéireachta Ordanáis ó Shráid an Easpaig go dtí na Ceithre Cúirteanna. Ach an 1,242 bhosca sin a aistriú, cruthaíodh spás ar na seilfteanna chun glacadh le haistríthe bliantúla 2020.

4.7

Ceannaíodh boscaí agus fillteán cartlainne, lena n-áirítear boscaí saincheaptha le haghaidh eagrán agus nithe ollmhóra.

Obair Chaomhnúcháin i Sráid an Easpaig

Mar chuid d'obair chaomhnúcháin na bliana 2020, leanadh leis an bpróiseáil ar thaifid Choimisinéirí Náisiúnta Oideachais an 19ú céad agus leis an athphacáil ar dheontais tíomnachta. Tá roinnt blianta fós go mbíonn an obair dheireanach sin críochnaithe.

4.9

Obair Chaomhnúcháin sna Ceithre Cúirteanna

Leanadh den obair mhór maidir le pacáil chaomhnúcháin a dhéanamh ar ábhar cartlainne sna Ceithre Cúirteanna, obair ar cuireadh tús léi sa bhliain 2010 an tráth céanna le hathchóiriú an Fhoirgnimh. Leanadh i rith na bliana 2020 le hathphacáil ar ábhar cartlainne i mboscaí atá saor ó aigéad agus ar chaighdeán cartlannaíochta. Bhíodh na cáipéisí go dtí seo i gcarnáin nó i



NAI/OS/140/1842/sheet/17/1
Lámhscríbhinn Plean Baile de chathair Chorcaí,
ina léirítear Bóthar Ghleann Mhaghair agus
Cnoc Grattan, 1842

Bainistíú Cartlainne

Tháinig méadú ollmhór ar cheisteanna ar an ríomhphost i rith 2020, sa Rannán Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais, agus i ngach rannán agus aonad oibriúcháin sa Chartlann Náisiúnta. Freagríodh gach ceann díobh go pras lenár struchtúir chianoibre.

- An Roinn Gnóthaí Fostaitochta agus Coimirce Sóisialaí, an 26 Samhain 2020
- Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta, an 23 Samhain 2020
- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an 19 Deireadh Fómhair 2020
- An Roinn Iompair, an 26 Feabhra 2020
- An tAonad um Imscrúdú Aerthionóisc, An Roinn Iompair, an 7 Deireadh Fómhair 2020
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an 30 Meán Fómhair 2020
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, an 21 Meán Fómhair 2020
- An Aitheasc, an 16 Meán Fómhair 2020
- Met Éireann, an 27 Feabhra 2020
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, an 7 Feabhra 2020
- An Roinn Sláinte, an 6 Feabhra 2020 agus an 5 Lúnasa 2020
- An Roinn Cosanta, an 6 Feabhra 2020
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Cnoc na Seamar, an 22 Mí Eanáir 2020
- An Roinn Oideachais, an 16 Eanáir 2020
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, an 9 Eanáir agus an 4 Feabhra 2020
- An Roinn Tithíochta, an 24 Mí Eanáir 2020

I rith 2020, tionóladh cruinnithe leis na comhlachtaí seo a leanas:

leith, tacaíocht do chartlannaithe rannach agus do bhaill foirne rannach. orthu sin rochtain ar tháírd, ceisteanna ó thaighdeoirí faoi bhaillíúcháin faoi Náisiúnta, trí bhithin ceisteanna faoi raon leathan ábhar a fhreagairt. Airíodh státseirbhís agus na seirbhísí poiblí, agus do chomhghleacaithe sa Chartlann Rialtais de thacaíocht a chur ar fáil do chomhghleacaithe ar fud na

Tacaíocht don rialtas agus do sheirbhísí poiblí

I rith 2020, lean foireann an Rannáin Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Nollaig 2020. fíorúil a fhoilsiú nó a chraoladh roimh 00:01 Dé Domhnaigh, an 27 Cuirleadh lánchosc ar fhaisnéis ó tháírd a bhí ar fáil ag an réamhbhreathnú

Éireann agus le cúnaimh ón mBainisteoir TFC, fuarthas córas FTP (prótacal aistriúcháin comhad) ar ghearrfhógra chun comhad a aistriú chuig irisíoir go slán sábháilte.

3.43

3.44

3.45

3.46

3.47

- An Roinn Cosanta, an 12 Márta agus an 1 Deireadh Fómhair 2020
- Óifig na nOibreacha Poiblí, an 25 Feabhra 2020
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Léitheoirí agus foireann nua, an 10 Márta 2020
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, an 10 Meitheamh 2020
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha, ceardlann, an 13 Deireadh Fómhair 2020


3.39 **Ostáladh oiliúint do na Léitheoirí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, a sheiceálann taifid faoi Alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, sula n-aistrítear iad chuig an gCartlann Náisiúnta.**

3.39 Mar ullmhúchán d'aistriú taifead faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018, tionóladh ceadlann phíolótach oiliúna in aistriú taifead in oifigí na Roinne Gnóthaí Eachtracha i mí Dheireadh Fómhair. Diríodh ar ghnéithe de thuairisc a thabhairt ar chartlanna chun áiseanna aimsithe cruinne agus comhsheasmhacha a chinntiú le haghaidh comhad ó 1991 go dtí 1998, a bheartaítear a eisíniúint don phobal i mí Eanáir 2022.

Réamhbhreathnú na Meán Cumarsáide ar tháirde a bhl le cur ar fáil don phobal i mí Eanáir 2020
Gach Nollaig, cuirtear rogha de na taifid atá 30 bliain d'aois a bhíonn le cur ar fáil ag Ranna Stáit agus comhlachtaí sceidealaithe ar fáil i mí Eanáir ina dhiaidh sin d'ionadaithe de chuid na meán cumarsáide ag seisiún réamhbhreathnaithe inár Seomra Léitheoireachta.

3.41 De bharr phaindéim Covid-19, agus chun cloí le treoirirínte an Rialtais, níorbh fhéidir leis an gCartlann Náisiúnta an réamhbhreathnú do na meán chumarsáide a dhéantar de ghnáth go luath i mí na Nollag a reáchtáil. Rinne foireann an Rannáin Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais réamhbhreathnú 'fíorúil' do na meán a phleanáil ar ghearrfhógra, chun cóipeanna digiteacha de chomhaid d'aistríthe a bhain le 1990 a chur ar fáil d'iriseoirí.

3.42 Sealbháidh na haistríthe ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ó Oifig an Ard-Aighne ag an gCartlann Náisiúnta go luath i mí na Nollag, i ndiaidh an dara dianghlaisáil náisiúnta de bharr Covid-19 a mhair sé seachtaine agus a chríochnaigh an 30 Samhain 2020. Le comhoibriú óna gcomhghleacaithé, tugadh tosálocht ar uainchlár na fóirne d'fhoireann an Rannáin Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais ó thaobh freastal ar an láthair, lena bhféadfadh siad taifid a shealbhu, áiseanna aimsithe a ullmhú agus comhaid a roghnú lena scanadh agus na cóipeanna digiteacha a sheoladh chuig iriseoirí an 22 Nollaig 2020. Tréimhse dianghníomhaíochta a bhí ann agus chuir an fhoireann an-chuid uaireanta oibre isteach, an Satharn i mí na Nollag san áireamh, lena chinnití go mbeadh na comhaid ar fáil. Scanadh 100 comhad ina n-íomláine agus cuireadh ar fáil iad ag an réamhbhreathnú fíorúil do na meán.



NAI/CSO/RP/1824/288/2
Acharnín Domínick McCarty
as Cluain Míeala [Triobraid
Arann] chuíg Fear Iónaid
an Rí 1824 inar sé
laghdú ar an tréimhse
príosúnachta a tugadh do
de bharr neamhfócaíochta
féich, an 3 Márta 1824

3.31	Cuirtear fáilte mhór roimh chartlannaithe gairmiúla/bhainistíoirí taifead atá ag obair i líon níos mó ranna agus comhlachtaí rialtais. Feictear gur céim rithábhachtach atá i bhfoireann ghairmiúil dá leithéid a cheapadh i dtaobh aghaidh a thabhairt ar riaráiste stairiúil de thairfid ó chomhlachtaí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.	3.32	Lean an Roinn Talmhaíochta agus Mara de bheith ag obair ar an riaráiste stairiúil comhad de chuid Choimisiún Talún na hÉireann maidir le Cíos Cothrom i rith 2020 nuair a thug sríanta Covid-19 deis é sin a dhéanamh, ach níor taisceadh aon taifead in 2020 mar thoradh ar easpa spáis stórála sa Chartlann Náisiúnta agus ar an dianghlasáil san Fhómhar.	3.33	Rinne an Roinn Airgeadais aistríúla agus riaráiste ó na 1930idí go dtí na 1980idí. Tá moladh ag dul don Roinn as foireann a chur ag obair ar riaráiste taifead a bhaineann leis na 1920idí a ullmhú d'aistríú ón bhliain 2015, agus sin amháin. Tugadh 1700 bosca de chomhaid neamhchatalógaithe a bhí á stóráil ag an gChartlann Náisiúnta, ó na 1920idí go dtí na 1980idí, ar ais don Roinn chun iad a ullmhú le haghaidh aistríú foirmiúil.	3.34	Leagtar amach taifid arna n-aistríú ag Ranna Stáit Ranna Stáit in Agusín freastal ar an gChartlann Náisiúnta, níor phróiseáil an tAonad Bainistíthe Cartlainne na haistríthe ar fad go hiomlán. Leanfar den obair sin in 2021.	3.35	Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, bíonn dlíthe taifid na gcuirteanna a aistríú go dtí an Chartlann Náisiúnta agus á gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal nuair is sine ná 30 bliain na taifid sin, taifid phróbháide san áireamh. Mar a tharláionn, bhíodh dlíthe faoin Pubic Records (Ireland) Act, 1867, go ndéanfaí taifid den sórt sin a aistríú faoi choimeád cartlannaiochta nuair a bhíodh 20 bliain caite. Tar éis cruinnithe le hionadaithe de chuid na Seirbhíse Cuirteanna i mí Meán Fómhair 2015, socraíodh go gcuirfi stad sealadach le haistríú taifead ó na cuirteanna go dtí an Chartlann Náisiúnta go dtiocfaí ar chinneadh críochnúil, i ndáil le ceisteanna maidir le cosaint sonraí, ar thairfid a chur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal agus go mbeadh deis ag an tSeirbhís Chúirteanna dul i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. De dheasca sin, níor fuarthas aistríthe de thairfid cuirte le linn na bliana 2020 agus tugtar cuntas achomair ar an stad maidir le taifid a aistríú in Agusín C thíos. Chomh maith leis sin ní mór aghaidh a thabhairt ar stádas na Seirbhíse Cuirteanna, ar leithligh ó “na Cuirteanna” nó “Oifigigh na gCuirteanna” faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.	40
3.36	Tá an Chartlann Náisiúnta sa chás i gcónaí nach féidir glacadh le líon mór taifead atá dlíthe a aistríú ó chuid mhór den 61 comhlacht a llostaítear sa Sceideal leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, go dtí go gcuirtear cóiríocht d'ábhar cartlainne ar fáil trí Thionscadal Thaisclann na Cartlainne a thabhairt chun críche, agus meastar go gcuirfear tús leis sin in 2021.	3.37	In 2020, aistríodh líon teoranta taifead ó chomhlachtaí sceidealta chug an gChartlann Náisiúnta de bharr Covid-19, mar a luadh in 3.26. Fuarthas aistríthe stairiúla riaráiste ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ón mbliain 1847 go dtí na 1990idí, arna n-ullmhú ag Cartlannaí ar iasacht ón gChartlann Náisiúnta.	3.36	Fuair an Chartlann Náisiúnta aistríthe ullmhaithe a cuireadh siar in 2019 de bharr easpa cóiríochta stórála. D'aistrigh Oifig an Ard-Aighne aistríú 2019 agus páirt-aistríú do 2020 le heisiúint don phobal i mí Eanáir 2021. D'aistrigh Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin a taifid ón mbliain 2019. Tá achóimre ar na taifid a fuarthas in Agusín C.	3.37	Is féidir leis an gChartlann Náisiúnta glacadh isteach le taifid ó fhoinní eile chomh maith, foinní poiblí nó foinní príobháideacha, ar a gceannach, a mbronnadh, a bhfágáil le huacht nó a dtabhairt ar iasacht, faoi réir ailt 2(1)(c) agus 4(1)(f) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. I rith 2020, fuair an Chartlann Náisiúnta líon méadaithe tairiscintí ar thaiscí príobháideacha. Fuarthas líon beag sealbhuithe príobháideacha a chomhlíon na treoracha i mBeartas Sealbhaithe na Cartlainne Náisiúnta agus a raibh cóiríocht ann dóibh. Tá achóimre ar na taifid sealbhaithe in Agusín C.	3.38	Cuireann Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais oiliúint ar fáil do ranna rialtais, do chomhlachtaí sceidealaithe agus do na cuirteanna maidir le taifid a ullmhú lena n-aistríú go dtí an Chartlann Náisiúnta. Cuireann foireann ó Aonad na dTairfid Reatha agus ó Aonad Bainistíthe Cartlainne Rannáin na Cartlannaiochta agus na Seirbhísí Rialtais seisíun oiliúna leath lae i láthair. Tá feabhas tagtha ar chaighdeáin na n-aistríthe chug an gChartlann Náisiúnta agus ar an gcumarsáid idir státseirbhísigh agus foireann an Aonaid Bainistíthe Cartlainne mar thoradh ar na seisíun oiliúna seo. De bharr go n-éiríonn níos fearr le hoiliúint in aistríú taifead a dhéantar ar an láthair, rinneadh líon níos lu de na seisíuin sin in 2020:	41

Táífid Reatha		
3.23	Comhaltas an Ghrúpa Oibre um Acmhainní Daonna Aonaid maidir le Beartas Lárnach na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe I mí Eanáir 2020, d'fhoilsigh an Grúpa Oibre um Acmhainní Daonna, arna chomhordú ag an Aonad maidir le Beartas Lárnach um Acmhainní Daonna sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, treoir bheartais agus sceideal coinnéala cuimsitheach. Beartaitear go gcuirfidh an treoir agus an sceideal coinnéala méadú ar chomhlíonadh RGCS ag bainistítoirí Acmhainní Daonna. Rinne an Cartlannai Síns earach, Aonad na dTáífead Reatha, ionchur leis an sceideal coinnéala agus táthar ag súil go mbeidh sé mar bhonn don bheartas maidir le táífid Acmhainní Daonna a choinneáil amach anseo. Úsáidfidh an Chartlann Náisiúnta é mar threoir chun táífid Acmhainní Daonna a mheas. Cuir eann an Chartlann Náisiúnta fáilte roimh an gcur chuige tras-rannach agus gníomhaireachta sin, ar foilsíodh treoir phraiticiúil chuimsitheach mar thoradh air.	
	heaspa leanúnai fóirne ar fud na Cartlaine Náisiúnta agus go háirithe ar leibhéal an chartlannai agus maidir le sainéolaithe TFC. Go dtí go socrait e ar na hacmhainní fóirne, ní féidir aon oibleagáid maidir le polasaithe rialtais i ndáil le Sonrai Oscailte a chomhlíonadh.	
	An Tionscadal um ríomhChartlannú D'fhreastail an Cartlannai Síns earach, Aonad na dTáífead Reatha, ar roinnt seimíneáir gréasáin maidir le dul chun cin n ar an tionscadal um ríomhChartlannú. Cuir eadh gach imeacht ar an láthair ar fionraí i rith 2020. Níl an Chartlann Náisiúnta inn ann a bheith rannpháirteach go gníomhach sa tionscadal seo go fóill, mar gheall ar í a bheith gann ar fhoireann i ngach grád, agus gann ar acmhainní dá r mbonneagar TFC.	
3.25		
3.24	Comhairle na bhForas Náisiúnta Cultúir agus cosaint sonraí Ghlac an Cartlannai Síns earach, Aonad na dTáífead Reatha, páirt i ngrúpa oibre neamhfhoirmiúil maidir le cosaint sonraí agus rialachas faisnéise, le comhghleacaith e ó chomhlachtaí eile CNCL. Níorbh fhéidir leanúint ar aghaidh le pleananna chun síompósiam iardain a óstáil i ndiaidh an imeachta a tionóladh i mí na Bealtaine ar éirigh thar cionn leis, mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach chun dul i ngleic le Covid-19. Táthar ag súil go mbeif e ar inn an imeacht pleanáilte a reáchtáil in 2021.	
3.26	An Aonad Bainistithe Cartlaine Is é an ról an Aonaid Bainistithe Cartlaine an t-ábhar cartlaine a fhaigheann an Chartlann Náisiúnta a shealbhu agus catagú a dhéanamh air, cibé an ó Roinn Stáit nó ó chomhlacht eile i gcomhréir le hAlt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 a fhaightear an t-ábhar nó mar thabhartas ó dhuine, eagraíocht nó foras príobháideach. Mar gheall ar an ról a leagtar ar an gCartlann Náisiúnta faoin reachtáíocht, is ar aistriú táífead ó Ranna Stáit agus comhlachtaí eile a thagann faoi scáth an Achta a bhíonn an bhéim maidir leis an obair a dhéanann an tAonad Bainistithe Cartlaine. Cuir eadh isteach go mór ar an rochtain ar tháífid i rith 2020 mar thoradh ar phaindéim Covid-19. D'oibrigh baill fóirne in go leor Ranna Stáit go cianda ón 16 Márta 2020. B'amhlaidh an cás d'fhormhór na ranna ar feadh 2020 agus níor ullmhaoth aistriithe táífead don Chartlann Náisiúnta.	
3.27	Táífid arna nAistriú ag Ranna Stáit, maille leis na Cúirteanna Mar gheall ar spás d'ábhar cartlanna a bheith gann bliain i ndiaidh bliana, ní raibh ar chumas na Cartlaine Náisiúnta riamh glacadh le hiomlán na dTáífead Roinne a raibh dílte iad a aistriú agus tá sé sin ag dul i gcoinne tús a chur le cláir oibre chórasacha ó Ranna chun táífid a ullmhú le haistriú de réir oibleagáid dlí. Tá ráiteas faoin gcás i ndáil le haistriú táífead amhail an 31 Nollaig 2020 in Agusín C.	
3.28	Mar a luadh i dTuarascáil an Stúirthóra 2019, de bharr easpa ollmhór cóiríochta i stóras táífead trächála lasmuigh den láthair, níorbh fhéidir leis an Aonad Bainistithe Cartlaine ach glacadh le táífid 30 bliain d'aois ó phríomhchliarlanna Roinn an Taoisigh agus na Roinne Gnóthai Eachtracha agus Trádála le heisiúint don phobal i mí Eanáir 2020.	
3.29	Bhí aistriithe táífead thar téarma agus táífead riaráiste arna n-ullmhú ag ranna nach raibh an Chartlann Náisiúnta in ann a shealbhu in 2019, le haistriú in 2020. Ar an drochuair, cinníodh le dianghlasáil Covid-19 ó mhí an Mhárta 2020 nach bhfuarthas ach cúpla ceann de na haistriithe sin. Fuarthas táífid ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Airgeadais, ón Roinn Gnóthai Eachtracha agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.	
3.30	Fuarthas aistriithe riaráiste stáiríula ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ó 1906 go 1969, arna n-ullmhú ag cartlannaith e gairmiúla a bhí ag obair sa roinn go sealadach.⁶	
6. D'fhostaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Cartlannai ar conradh téarma seasta ó mhí na Bealtaine 2017 go dtí mí na Nollaig 2019.		39

Bainistíú Cartlaine

Taifid Reatha

I rith 2020, cuireadh isteach go mór ar chumas na foirne obair bhreithmheasa a dhéanamh de bharr phaindéim Covid-19. D'ainneoin sin, rinneadh suirbhéanna breithmheasa ar thaifid sna ranna agus sna gníomhaireachtaí ag na suíomhanna a leanas:


- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Cabhán, Sligeach
- An Roinn Iompair, Baile Atha Cliath
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Cill Airne, Co. Chiarraí
- An Roinn Oideachais agus Scileanna, An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Baile Atha Cliath
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Michumais, Lánpháirtíochta agus Oige, Baile Atha Cliath
- Ofis na gCoimisinéirí Ioncaim, Baile Atha Cliath
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Baile Atha Cliath
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Baile Atha Cliath
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Oglaigh na hÉireann, An Chartlann Mhíleata, Baile Atha Cliath
- An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, Baile Atha Cliath
- Ospidéal Ghráinseach Ghormáin, Baile Atha Cliath

3.21

I rith 2020, rannchuidigh an Chartlann Náisiúnta le *European Language Resource Infrastructure* (ELRI), tionscadal atá lonnaithe san *Adapt Centre* in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus thacaigh lenár máthair-roinn chun acmhainn aistriúcháin Ghaeilge ar líne a fhorbairt⁵. Rinne an Cartlannai Sinsearach, Aonad na dTaifead Reatha, tuairim is 80,000 focal d'aistriúcháin Gaeilge a uaslódáil chuig an acmhainn, ina cáil mar Oifigeach Idirchaidrimh Sonraí Oscailte don Chartlann Náisiúnta. Leanfaidh an Chartlann Náisiúnta de thacú leis an tionscadal seo de réir mar a ndéantar dul chun cinn air.

Taobh amuigh dar rannchuidiú leis an ELRI, ní dhearnadh mórán dul chun cinn ar ár straitéis Sonraí Oscailte. Tuigeanann an Chartlann Náisiúnta, mar lucht gairme eolais, an tábhacht atá leis na sonraí atá faoi choimeád agus an leas a bheadh ag earrnálacha éagsúla as a n-úsáid mar chuid den straitéis maidir le Sonraí Oscailte. Leanadh de líon teoranta oibre a dhéanamh ar thacaíir sonraí a ullmhú chun iad a chur ar fáil. Tá bac mór curtha ar an obair sin de bharr na

NAI/QRO/SS&D/LH/3/1
Pictiúr gar-amhairc de léarscál
Arda i gContae Lu' sinithe ag R.
Allen, leirítear barúnacht Shláine
ar an léarscál freisin, 1908



leis an sceideal sin i dtaobh taifid atá le diúscairt, agus táthar ag suil go mbainfear leibhéal leanúnachais amach i dtaobh an chaoi a mbainistítear taifid thar am. Is ar an roinn rialtais agus ar an gcomhlacht poiblí féin atá an fhreagracht as an mbainistíocht ar na taifid faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 i lathair na huaire. Bheadh gá le leasú ar an Acht sula bhféadfaí féachaint le húdaráis caighdeánach le diúscairt a eisíúint ar fud na státseirbhíse. Cuirfeadh an sceideal coinneála amach lena aistriú go Gaeilge, ach de bharr moilleanna mar thoradh ar Covid-19, ní fhoilseofar é ar áraitheán gréasáin go dtí 2021. In éagmais aon chumhachtaí reachtach, d'fhorbair an Chartlann Náisiúnta an doiciméad ar an tuiscint go bhfuil údarú sonrach ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta de dhíth chun aon taifead a dhiúscairt.

Bainistíocht Taifead sa Chartlann Náisiúnta

Le linn na bliana 2020, lean an Cartlannáil Sinsearach, Taifid Reatha, de chomhordú a dhéanamh ar struchtúr nua comhaid agus polasail bainistithe taifead a chur i bhfeidhm sa Rannán Abhair Chartlainne agus Seirbhíisí Rialtais. Tugadh an struchtúr nua chun críche agus aistríodh taifid ón dá aonad. Leanfar leis an tionscadal seo i rith na bliana 2021 agus cuirfear ar síl sna rannóga eile é de réir a chéile. Is cuid den ullmhúchán leanúnach é an tionscadal seo chun eDocs a chur i bhfeidhm laistigh den Chartlann Náisiúnta agus chun ár n-oibleagáidí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a chomhlíonadh.

Breithmheas ar Thaifid Roinne


Ní mór taifid roinne a chaomhnú, mura ndéanann Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir i mbun an chúraim sin, údarás a thabhairt i scríbhinn lena ndiúscairt. Sula ndéantar diúscairt a údarú, de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na taifid a chaomhnú. Ní mór, agus iarratais maidir le taifid a dhiúscairt á meas, na taifid agus na feidhmeanna gnó agus na próisis gnó ar tuairisc orthu na taifid a bhreithniú go cúramach.

3.19

3.18

3.20

Thug Aonad na dTaifead Reatha 26 iarratas diúscartha chun críche in 2020. Rinneadh dá thoradh sin breis is 300,000 taifead a dhiúscairt nárbh fhiú iad a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne agus a raibh deireadh leis an bhfeidhm gnó nó leis an bhfeidhm dlí maidir leo. Bhain mórchuid na dtaifead sin le taifid ar obair phróiseála agus



NAI/QRO/S&D/MH/2/1
Pictiúr gar-amhairc de
léarscáil dhaite a léiríonn
'Baruntacht Dhamhlíag i
gContae na Mí', 1908

le taifid nach raibh faisnéis shainiúil i gceist leo. Bhí, i ngach cás, sin go raibh coigilíteas leanúnach i gceist chuig an Státchiste coinníollacha áirithe ag gabháil leis an údarú diúscartha. D'fhág learscáil dhaite a léiríonn Pictiúr gar-amhairc de 'Baruntacht Dhamhlíag i gContae na Mí', 1908

reachtanna, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. I gcás amháin, diúltáíodh údarú ar fhorais gurbh fhiú na taifid a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne, agus níor tugadh dhá iarratas eile chun críche. De bharr srianta rochtana agus moilleanna mar thoradh ar Covid-19, tá siníú agus ceadú críochnaitheach fós le tabhairt ag Ranna i leith 15 iarratas, cé go bhfuil an obair ar fad ar na hiarratais sin tugtha chun críche ag an gCartlann Náisiúnta, ach amháin i gcás 10 gcinn, a bhfuil obair fós á déanamh orthu. Táthar ag suil go mbeidh na hiarratais sin tugtha chun críche in 2021. Tá liosta de na hiarratais diúscartha a ceadatódh agus a diúltatódh in 2020 in Agusín E.

3.10

Tá sainchisteanna a leagadh béim orthu i mo thuarascáil bhliantúil don bhliain 2019 maidir le comhlachtaí nach dtagann faoi réir scóip an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, chomh maith leis an easpa straitéise um chaomhnú digiteach a bheith ann do thaifid phoiblí ag leanúint de bheith ina n-ábhar imní. Mura mbeidh caighdeáin éigiantacha ann i dtaobh taifid agus sonraí oifigiúla rialtais, leanfar den bhaol go gcaillfí an taifead poiblí agus beidh freagracht ar an Stát mar gur theip air leasa pháirtithe leasmhara agus saoránach a chosaint.

3.11

Leanann Ranna de bheith ag brath an iomarca ar sholáthróirí stórála taifead tráchtála chun taifid pháipeir a bhainistiú agus gan aon straitéisí um chaomhnú digiteach ná aon chur chuige caighdeán-bhunaithe ann i dtaobh bainistiú eolais, leanfar den bhaol a bheith ann go gcaillfíear an taifead poiblí nó nach mbeidh aon teacht air. Is cúis imní fós é an caighdeán a bhaineann le cuid de na soláthróirí stórála tráchtála atá in úsáid ag ranna rialtais.

3.12

Is cúis áthais don Chartlann Náisiúnta é a lua go bhfuil cartlannaithe gairmiúla agus bainisteoirí taifead gairmiúla ceaptha i roinnt ranna agus comhlachtaí poiblí. Tá an Chartlann Náisiúnta ag obair go dlúth leis na daoine aonair sin chun tacú leo sa tasc ollmhór atá rompu. Chuir Covid-19 isteach ar iarrachtaí ón Rannán Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais chun líonra foirmiúil cartlannaithe agus bainisteoirí taifead atá ag obair sa státseirbhís a bhunú. Tabharfar an tionscnamh sin chun cinn le linn na bliana 2021.

3.14

Ní leagtar aon fheidhm ar an gCartlann Náisiúnta faoin reachtaíocht maidir le maoirseacht ar bhainistíocht na státseirbhíse ná na seirbhíse poiblí ar thaifid. Is féidir leis an gCartlann Náisiúnta comhairle a thabhairt maidir le hábhair a baineann le taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne, ach ní aon chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta comhlíonadh ina leith sin a fhorfhidhmiú. Leanann Éire de bheith asluiteach ina leith sin, i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta araon. Tá athbhréithniú práinneach de dhíth ó reachtaíocht na cartlainne náisiúnta chun forbairt i gcleachtais maidir le taifid a choinneáil ó 1986 a ghilacadh san áireamh, cleachtais mar méadú i líon na dtáifead atá digiteach ó thús agus an chatacht a bhaineann leo chomh maith leis an tionchar atá ag reachtaíocht Cosanta Sonraí agus Saoráil Faisnéise ar bhainistiú, ar chaomhnú na dtáifead oifigiúil chomh maith lena gcur ar fáil.

3.15

I rith 2020, thug Aonad na dTaifead Reatha aiseolas agus comhairle do roinnt ranna agus gníomhaireachtaí ar shainchisteanna maidir le bainistíocht taifead agus polasaithe coinnéala, mar a leagtar amach thíos:

3.16

- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Tithíochta
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cúlúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

3.17

Cé gur ábhar dóchais é go bhfuil an oiread comhlachtaí faoin tráth seo tosaíthe ar bheith dáiríre faoi thaifid a bhainistiú, tá éagsúlacht mhór fós ann ó thaobh caighdeáin idir na polasaithe atá tugtha chun cinn agus éagsúlacht freisin maidir leis an bpríomhthuiscint ar choincheapanna maidir le taifid a choinneáil agus ar fhorbairtí nua ina leith sin. Ba léir ó chuid mhór den cháipeísiíocht go raibh cosaint sonraí ina ábhar buartha agus nach bhfuil dualgas níos ginearálta maidir le taifid a choinneáil fós á dtabhairt san áireamh chomh mór agus ba chóir, a leagtar de dhualgas faoin reachtaíocht maidir leis an gCartlann Náisiúnta agus eile. Tá an meoin fós ann nach bhfuil sainéolas ná sainscilleana de dhíth chun faisnéis a bhainistiú. Is ról speisialtóra atá i gceist le faisnéis a bhainistiú a dteastáil foireann lánaimseartha agus fíoróilte ina leith chun na castachtaí ábhartha dlí, eiticíúla agus eagraíochta a tharláil a thuiscint.

Taifd Reatha

Aonad na dTaifead Reatha
Féachann an Chartlann Náisiúnta, leis an gcumhacht theoranta faoin reachtaíocht agus le srianta ar acmhainní, le treoir a chur ar fáil do Ranna Stáit agus do chomhlachtaí poiblí maidir leis an mbainistíocht ar a gcuid taifead, na comhlachtaí faoi réir na hAhta agus na comhlachtaí a bunaíodh ón mbliain 1986 araoon.

3.6

3.7

Luaitear faoi Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 go bhfuil sé de chead ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta cead a thabhairt taifd a dhiúscairt nach fiú iad a choinneáil mar ábhar cartlainne. Tá leas bainte ag an gChartlann Náisiúnta as an bhforáil sin chun beart a dhéanamh sular sine ná 30 bliain na taifd mar bhealach chun cuidiú leis na Ranna Stáit a leagtar de dhualgas orthu faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus an costas a ísiú a thíocfadh ar an Stáitchiste dá mbéiff ag brath ar áiseanna tráchtála chun taifd a stóráil nuair atá deireadh leis an bhfeidhm gnó a bhaineadh leo. D’ainneoin na ndúshlán mar thoradh ar Covid-19 agus na srianta a bhí i bhfeidhm i rith 2020, lean Aonad na dTaifead Reatha de bheith i dteagmháil le ranna agus chun iarrataí ar dhiúscairt taifead a eascu i rith 2020 (féach 3.19 – 3.21 thíos).


3.8

Bainistíocht Taifead sa Státseirbhís
Tá riosca tromchúiseach fós ag baint leis an easpa rialachán bainistíthe Taifead sa státseirbhís i dtaobh taifd oifigiúla a chaomhnú. Lean den mhéadú a bhí ag teacht ar fhiosrúithe de bharr gur tugadh isteach RGCS le linn na bliana 2020. Chuaigh an Cartlann Sinsearach, Taifd Reatha i mbun idirchaidrimh le roinnt líonraí sa státseirbhís in 2020 ar mhaithe le leanúint de phróifíli na Cartlainne Náisiúnta a ardú agus béim a leagan ar an ngá cleachtáis agus maoirseacht cheart maidir le taifd a choinneáil a bheith ann le linn shaolré na dtaifead.

3.9

Le linn na bliana 2020 rinneadh cuir i láthair do na comhlachtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí maidir le bainistiú taifead, cartlanna, cosaint sonraí agus oibleagáidí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986

- An Roinn Cosanta
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta



NAI/OPW/5/HC/4/586/1
An Bataire Bhaile Liam, Contae
Bhaile Átha Cliath, 1883

Alt 8 – Tairfid Roinne a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta

Ní mór, tríd is tríd, tairfid Roinne is sine ná 30 bliain a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta chun iad a chur ar fáil lena scrúdú ag dtí an bpobal. Is féidir le Roinn tairfid áirithe a choinneáil agus/nó is féidir tairfid áirithe a choinneáil óna scrúdú ag an bpobal sa chás sin amháin go ndéantar deimhniú ina leith

- **faoi Alt 8(2)** go bhfuil siad i ngnáthúsáid sa Roinn sin nó go dteastáilonn siad maidir le riaradh na Roinne agus go gcuirfeadh a n-aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta isteach go mór ar riaradh na Roinne sin;
- **nó faoi Alt 8(4)** go mbeadh a gcur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal:

a. ar neamhréir le leas an phobail, nó

b. ina shárú ar dhualgas faoin reachtaíocht nó ina shárú

ar mheon macánta a bheadh ann ar an ábhar go bhfuil

eolas ar fáil iontu a tugadh i modh rúin nó go bhféadfadh

gur sárú de chineál acu sin a bheadh ann, nó

c. ina chúis tochsail nó contúirte do dhuine beo ar an

ábhar go bhfuil eolas ar fáil iontu faoi dhuine aonair nó

go mbeadh sé nó go bhféadfadh sé a bheith ina ábhar

caingne le haghaidh damáistí mar gheall ar chliumhillleadh.

Ní mór gach deimhniú den sórt sin a bheith á dhéanamh ag oifigeach ar chéim an Phríomhoifigigh nó níos airde arna cheapadh ina (h)Oifigeach Deimhniúcháin ag Ard-Rúnaí na Roinne. Ní mór toiliú roimh ré ó dhuine de na hOifigigh Toilithe i Roinn an Taoisigh le Deimhniú a dhéanann Oifigeach Deimhniúcháin i Roinn eile seachas Roinn an Taoisigh faoi Alt faoi Alt 8(4).

Tairfid Roinne a Ullmhú lena nAistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta

Faoi Rialachán 5 de na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, tá na Ranna Rialtais freagrach as sceidil a ullmhú ina liostaítear na tairfid atá le haistriú, as na tairfid a chur in ord, uimhreacha a chur orthu, iad a ghlanadh, a phacáil agus a lipéadú, chomh maith lena dtabhairt chuig an gCartlann Náisiúnta, agus sin ar fad de réir na dtreoirínte atá eisithe ag an Stiúrthóir mura ndéanann an Stiúrthóir malairt socraithe a aontú roimh ré.

3.5

Rannán na Cartlainnaíochta agus na Seirbhísí Rialtais:

Is ionann Rannán na Cartlainnaíochta agus na Seirbhísí Rialtais agus an rannán riaracháin laistigh den Chartlann Náisiúnta a bhfuil de fhreagracht air tairfid roinne a mheas, a bhailiú agus a bhainistiú chun iad a chaomhnú. Tá an rannán comhdhéanta de dhá aonad, Bainistiú Cartlainne agus Tairfid Reatha, arna mbainistiú ag beirt Chartlainnaíthe Sinsearach faoi mhaoirseacht Choimeádaí. Ba ionann líon foirne an Rannáin le linn na bliana 2020 agus 1 Choimeádaí, 2 Chartlainnaí Sinsearach, 4 Chartlainnaí (3 sannta chug Bainistiú Cartlainne agus 1 chug Tairfid Reatha) agus baill foirne tacaíochta riaracháin de 1 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 1 Oifigeach Cléireachais roinnte idir dhá aonad.⁴ I mí an Mhárta 2020, d'fhill cartlainnaí a bhí ar iasacht chug Oifig na gCoimisinéirí loncaim ar feadh trí bliana chun na hoibre sa Chartlann Náisiúnta agus sannadh d'Aonad na dTairlead Reatha é/i. D'fhág an cartlainnaí a bhí sannta d'Aonad na dTairlead Reatha an Chartlann Náisiúnta chun glacadh le post áit éigin eile.

I rith 2020, thosaigh ceathrar ball foirne nua ag obair sa Rannán Abhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais. Thosaigh beirt chartlainnaíthe ag obair cúpla lá roimh an chéad dianghlasáil ón Rialtas mar thoradh ar Covid-19 an 13 Márta 2020. Thosaigh an tríú cartlainnaí ag obair i rith na dianghlasála i mí na Bealtaine agus thosaigh ár nOifigeach Cléireachais ag obair sa Chartlann Náisiúnta an tráth a raibh an fhoireann ag freastal ar an oifig dhá lá sa tseachtain, i mí Lúnasa. Ba dhúshlán fadálach a bhí ann don fhoireann nua agus do Chartlainnaíthe Sinsearach oiliúint a chur ar bhailí foirne faoi obair na Cartlainne Náisiúnta agus an Rannán trí bhithin teilleadh agus ríomhphost. Fíu nuair a d'fhill an fhoireann ar an gCartlann Náisiúnta ar uainchlár dhá lá sa tseachtain i mí an Mheithimh 2020, bhí teorainn leis an am oiliúna i bpearsa. Chuir an easpa soláthair trealaimh TFC, agus fadhbanna a bhain le rochtain ar an líonra TFC, leis na deacrachtaí. Thionóil na Cartlainnaíthe Sinsearach a cruinniú rannáin seachtainiúil go cianda agus chinntigh siad go raibh siad ar fáil don fhoireann ar fad ar an teilleadh taobh amuigh den am cruinnithe sin.

4. Earcaíodh beirt

chartlainnaíthe chug

an Aonad Bainistithe

Cartlainne i mí an Mhárta

agus i mí na Bealtaine

2020. Bhain ceann de

na poist le Cartlainnaí

a d'éirigh as post chun

glacadh le post in

institiúid tríú leibhéal i mí

an Mhárta a athsholáthar.

Lionadh folúntas a bhí

ann ó mhí Dheireadh

Fómhair 2019 leis an

gceann eile. I mí Mheán

Fómhair, d'fhill Cartlainnaí

ó shaoire mháithreachais.


Thosaigh Oifigeach

Cléireachais nua-earcaithe

don Rannán i mí Lúnasa

2020 mar athsholáthar ar

aistriú inmheánach.



NAI/OS/105/C/765-778
Plean Aonaigh na Suirbhéireachta Ordanáis de chathair
Chorcaí, a léiríonn paróistí éagsúla lena n-áirítear Paróiste
Mhuire an tSeandúin, Paróiste San Anna an tSeandúin,
Paróiste Fhionnbharra agus Paróiste San Níoclás, 1841-42

The National Archives is empowered to acquire records and documents of non-official origin where they are considered to be worthy of preservation and complement existing holdings of Departmental records, or are worthy of preservation and in danger of destruction.

3.1

I gcomhréir lena leagtar de chúram faoin dlí ar an gCartlann Náisiúnta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, faigheann an Chartlann Náisiúnta tairfid chartlainne arna gcruthú ag Ranna Stáit agus cúirteanna de gach leibhéal ar a dtugtar 'tairfid Roinne'; Chomh maith leis sin, tá de chumhacht ag an gCartlann Náisiúnta tairfid agus doiciméid nach de bhunús oifigiúil iad a ghlacadh isteach sa chás go meastar gur fiú iad a chaomhnú agus go gcuireann siad le tairfid Roinne atá i dtáisce cheana féin nó go meastar gur fiú iad a chaomhnú agus go bhfuil siad i mbaol a scriosta.

3.2

Príomhfhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus Rialacháin maidir le Tairfid Roinne
San Acht, úsáidtear an téarma 'tairfid Roinne' chun tagairt do thairfid

- Ranna Rialtais,
- na gcúirteanna,
- chomhlachtaí eile a liostáítear sa Sceideal leis an Acht,
- choistí, choimisiúin agus bhinsí fiosrúcháin arna gceapadh ag an Rialtas, ag comhaltá den Rialtas nó ag an Ard-Aighne.

3.3

Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar phríomhfhforálacha an Achta i ndáil le tairfid Roinne:

Alt 7 – Tairfid Roinne a choimeád agus a dhíúscairt

Ní mór tairfid Roinne a choimeád mura ndéanann Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, nó oifigeach eile de chuid na Cartlainne Náisiúnta arna ainmniú ag an Stiúrthóir maidir leis an gcúram sin, a ndíúscairt a údarú i scríbhinn. Sula ndéantar díúscairt a údarú, ní mór don Stiúrthóir nó don oifigeach ainmnithe a bheith deimhin de nach fiú don Chartlann Náisiúnta na tairfid a chaomhnú.

2.25

Bainistíocht Ríosc

Rinne an Chartlann Náisiúnta athbhreithniú agus deimhniú ar a chliar ríosc

in 2020 ag teacht le tosaiochtaí gnó. I bhfiainaise na n-imthosca eisceach

túla mar thoradh ar phaindéim Covid-19, d'fhorbair an bhainistíocht Clár Ríosc

Covid-19 agus rinneadh monatóireacht air i gcomhréir lenár bPlean Freagartha Covid-19.

Tugadh chun suntais go háirithe na réimsí baol

í seo a leanas:

- Eolas agus acmhainn na corparáide a chailliúint mar gheall ar dhaoine a dhul ar scor nó i mbun malairt cúraim agus mólí/teip bailí foirne nua a cheapadh go tráthúil ina n-ionad.
- Eagumas tairfid a ghlacadh isteach agus a gcaomhnú a chinntiú mar gheall ar easpa spáis sa Chartlann Náisiúnta ina ndéanfaí iad a stóráil.
- Easnamh maidir le polasai cuimsitheach foirmiúil maidir le bainistíocht ar thairfid an Stáit.

- Tairfid leictreonacha nó ábhar cartlainne leictreonach a chailliú nó a rachadh ó úsáid mar gheall ar mheath an mheáin stórála agus/nó córas oibriúcháin nach féidir a úsáid.
- Ábhar cartlainne a scríos nó díobháil a tharlódh d'ábhar atá faoi chúram na Cartlainne Náisiúnta mar gheall ar ionad stórála nach bhfuil ar chaighdeán sách mair.

- Ábhar cartlainne a chur amú nuair a bhíonn sé á thabhairt ar ais tar éis a scrúduit ag léitheoir.
- Ábhar cartlainne agus tairfid a scríos nó díobháil a tharlódh amach as áitreabh nó idir áitribh na Cartlainne.

- Ábhar cartlainne a ghoid.

2.26

Seirbhís a sholáthar

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ár nósanna imeachta agus ar áirínte maidir le soláthar, bunáidh post d'AOF atá freagrach as soláthar, laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha. Cruthaíodh an post sin i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis soláthair mar chuid d'iníúchadh imh

éanach.

Thug an bhainistíocht plean soláthair nua le haghaidh 2020 isteach, chomh mair le polasaithe agus nósanna imeachta foirmiúla, agus bronnadh roinnt conarthaí nua leis an gcóras nua sin.

Bíonn caidreamh go leanuach idir an Chartlann Náisiúnta agus an Oifig um Sholáthar Rialtais faoin gcur chuige is fearr maidir le seirbhísí seachtracha ar conradh. Tugtar san áireamh leis sin

2.27

Bainistíocht Tairfid sa Chartlann Náisiúnta

comhairle faoi na gnáis soláthair agus tairisceana is fearr maidir le hearraí agus seirbhísí, trí chreatchórais na hOifige nuair is féidir, ionas go gcinntítear teacht ar an sainéolas a bhaineann le hábhar agus luach ar an airgead. Oibríonn an Chartlann Náisiúnta go dlúth leis an Aonad Soláthair sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun a ceanglais rialála agus tuairiscithe maidir le soláthar a chomhlíonadh.

2.29

Sábhaílteacht Dóiteáin agus an Plean Eigeandála

ndéanfar é i rannáin eile ar fud na hinstitiúide. sa Rannán Ábhair Chartlainne agus Seirbhísí Rialtais (AGS) agus Rialtais. I rith 2020, leanadh le cur i bhfeidhm an pholasaí coinnéala sa Chartlann Náisiúnta ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an bainistíochta eDocs i ndáil le tairfid leictreonacha a chur i bhfeidhm 2018 a chomhlíonadh agus den obair ullmhúcháin maidir le córas tairfid mar chuid den obair ullmhúcháin leis an Acht um Chosaint Sonraí, Náisiúnta. Ba tionscadal tosaigh seo maidir le hiníúchadh ar na leictreonach do thairfid ghnó arna gcurtú ag an gChartlann creat bainistithe tairfid nua, lena n-áirítear struchtúr comhad In 2020, d'fhorbair an Cartlann

Sinsearach, Tairfid Reatha, Sábhaílteacht Dóiteáin agus an Plean Eigeandála

I rith na bliana 2020, leanadh ag cur leis an dul chun cinn le blianta annas maidir le sábhaílteacht dóiteáin. Coinníodh na bearta cothabhála maidir leis na córais braiteoireachta agus mlichta t

íne ulling de réir sceidil.



Scaoileadh ábhar as an stór ar thaisclann cartlainne nuaaimseartha a éascú.

2.19

Tionscadal Thaisclann na Cartlainne

Cúis áthais go ndearmadh dul chun cinn maidir le Tionscadal Thaisclann na Cartlainne, a bhfuil obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i gceist leis, d’fhonn áis stórála ar chaighdeán cartlainnaíochta a thabhairt chun cinn san fhoirgneamh stórais in áras na Cartlainne ar Shráid an Easpaig. Mar chuid de *Thionscadal Éireann 2040* rinneadh fógra a thabhairt, fógra a raibh fáilte mhór roimhe, go raibh an Rialtas chun €22 milliún a leithdháileadh chun an obair sin a chur chun cinn. D’eisigh Oifig na nOibreacha Poiblí Glao ar Thairiscintí d’oibríochtaí foirgníochta i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus cuireadh isteach tairiscintí do shainseirbhísí forchoimeáda a rinneadh i rith 2020. Chuir na srianta de bharr COVID-19 moill ar an bpróiseas tairisceana do Thionscadal Thaisclann na Cartlainne. Déanann an Coimeádaí, Cúram Bailiúcháin agus Seirbhísí Poiblí, an Cartlainneáí Sinsearach, Cúram Bailiúcháin agus an gCartlann Náisiúnta i nGrúpa Oibre de ionadaíocht ar an gCartlann Náisiúnta i nGrúpa Oibre de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí/na Cartlainne Náisiúnta chun Tionscadal Thaisclann na Cartlainne a bhrú chun cinn. Tá an triúr díobh, chomh math leis an Stiúrthóir, ina gcomhataí de Ghrúpa Stiúrtha Thionscadal Thaisclann na Cartlainne de chuid na Roinne Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán/Oifig na nOibreacha Poiblí.

2.20

Go dtí go dtugtar an obair ar Thionscadal Thaisclann na Cartlainne chun críche, ní bheidh an Chartlann Náisiúnta in acmhainn glacadh le hiomlán na dtáifead Roinne atá le haistriú, lena n-áirítear riaráistí suntasacha lena mbaineann roinnt a théann siar chomh fada le deireadh 19ú céad. Mar a chéile le blianta roimhe seo, iarradh ar Ranna éagsúla tairfid a choimeád nach bhfuil ar acmhainn na Cartlainne glacadh isteach leo.

2.21

Mar gheall ar shrianta spáis ar an láthair i Sráid an Easpaig, aontáíodh le hOifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2013 go leanfaí le haistriú na dtáifead de líon níos lu maidir le cúrsaí polasat is sine ná 30 bliain ó roinnt bheag de na Ranna agus de na hoifigí is mó a mbeadh aird orthu agus go bhféadfaí iad sin a stóráil in áiseanna stórála tráchtála tar éis a gcur ar fáil don phobal lena scrúdú ar an 1 Eanáir gach bliain. Faigheann na tairfid sin in áiseanna stórála an tráchtála ar iarraidh (féach 5.7 thíos). Beidh gá leanuint leis an socru sin go dtí go dtugtar an obair ar Thionscadal Thaisclann na Cartlainne chun críche.

2.22

Ullmháíodh pleananna chun forfheabhsú a thabhairt ar na spásanna oifige ar an 5ú urlár ar mhaithe le háiseanna foirne a chaomhnú agus a fheabhsú. Rinneadh oibreacha chun leithris na foirne agus an phobail ar urlár na talún agus ar an gcéad urlár a oiriúnú, mar ullmhúchán do Thionscadal Thaisclann na Cartlainne.

2.23

An Aitreabh sna Ceithre Cúirteanna

Tá áitritiú á dhéanamh i gcónaí ag an gCartlann Náisiúnta ar sheantaisclann Oifig Tairfead Poiblí na hÉireann sna Ceithre Cúirteanna i rith na bliana agus leanadh i rith na bliana 2020 leis an gclár oibre maidir le hathéagar ar an ábhar cartlainne a choinnítear i dtaisce ansin ionas go gcuirtear dlús breise le húsáid an spáis agus feabhas faoi leith ar an timpallacht stórála.

2.24

Cúnamh a fuarthas ó Oifig na nOibreacha Poiblí

Is mian leis an gCartlann Náisiúnta an cúnamh ó Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le gach gné de chúrsaí foirgníochta a admháil: Oifig an Ailtire Réigiúnaigh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus go háirithe Gabriella Navas Usal agus Dermot Foran Usal; foireann na Ceannoifige, go háirithe an Coimisinéir John McMahon, Edel Collins Usal, Niall Parsons Usal, Gerry Gleeson Usal, Amanda Bloxham Usal agus Claire McKeveitt Usal.

Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TFC)

Ar na príomhréimsí cúraim atá ar Aonad Theicneolaíocht an Eolais agus

na Cumarsáide (TFC) sa Chartlann Náisiúnta, áirítear obair thaca agus forbartha maidir le bunachair

sonraí agus feidhmchláir eile; obair bainistíochta agus cothabhála

maidir leis an líonra teilteafóin, teilteafóin póca agus córais cumarsáide;

obair thaca maidir le trealamh agus bogearraí don scanadh agus don

ghrianghrafadóireacht dhigiteach go himhébhanach sa chartlann; obair

bainistíochta agus cothabhála maidir leis an trealamh closamhairc

agus an trealamh taifeadta maidir le cúrsaí slándála; agus obair

monatóireachta maidir le gnéithe teicniúla de láithreáin gréasáin na

Chartlainne Náisiúnta. Is ar an Aonad TFC atá an phríomhfhreagracht

soláthair maidir le crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta agus

trealamh eile agus socruithe comhairleoireachta a bhaineann le cúrsaí

TFC agus an phríomhfhreagracht bainistíochta freisin maidir conathar

cothabhála agus tacaíochta. I rith 2020, feidhmíodh an tAonad TFC

le Bainisteoir TFC ar an ngrad Ardoifigeach Feidhmíúcháin, Oifigeach

Feidhmíúcháin nuachaptha agus Oifigeach Cléireachais amháin.

Coimisiúnáidh athbhreithniú in 2020 chun féachaint ar riachtanais

TFC na Chartlainne Náisiúnta faoi láthair agus amach anseo, i

gcomhthéacs an bonneagar atá ann cheana féin a bhainistiú, i dtéarmaí

feidhmeanna corparáideacha, chomh maith leis na riachtanais TFC

ghnó shonracha. Meastar go mbeidh an t-athbhreithniú seo mar chuid

de straitéis TFC níos leithne laistigh den Roinn Turasóireachta, Cultúir,

Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá 2 ghné faoi leith ag baint le Líonra TF na Chartlainne Náisiúnta.

Ar an gcéad ghné, tá an VLAN (Líonra Fíoriúil Achair Logánta) lena

n-áirítear an trealamh is gá chun na córais, feidhmchláir agus seirbhísí

imhébhanacha a oibriú agus a rith.

Is iad na freastalaithe a ndéantar óstáil orthu in ionad sonraí tráchtála

an dara gné. Is ar na freastalaithe sin atá sraith láithreán gréasáin

na Chartlainne Náisiúnta, arb é www.nationalarchives.ie an ceann is

tábhachtaí díobh (féach 5.14 – 5.15 thíos).

Baineann foireann na Chartlainne Náisiúnta úsáid as Axiell ADLIB,

feidhmchlár bogearraí chun bailiúcháin a bhainistiú lena dtugtar

cumas bailiúcháin iomlána cartlann a bhainistiú, chun cloí le ISAD(G),

an Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuarisc Chartlainne. Rinneadh

cinneadh chun uasghrádú chuig Axiell Collections i ndiaidh cur

2.13

2.14

2.14

2.15

2.16

NAI/DFA/5/317/27

Máire Mhac an tSaol, duine

de na chéad taidhleoirí mna

in Éirinn, ag Pálás Pardo i

Maidrid sa bhliain 1949

3. Níl aon fhorbairt déanta

ar Adlib for Archives le

blianta beaga annas agus

ní thacóidh Axiell leis ón 1

Meán Fómhair 2024.

2.17

2.18

20

21

Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TFC)



i láthair don Fhoireann i mí Mheán Fómhair 2020³. Baineann an

Fhoireann úsáid freisin as córas sainiúil lorgaireachta maidir le tuairisc

a choinneáil ar cháipeisí ar a n-aistriú idir an t-ionad stórla agus an

Seomra Léitheoireachta. Mar a chéile leis na blianta roimhe seo, bhí

athbhreithniú leanuach á dhéanamh ar an gcóras agus rinneadh obair

chothabhála agus obair forfheabhsúcháin de réir mar ba gá sin.

Chuir an tAonad TFC tacaíocht ar fáil d'obair dhigitithe i rith 2020.

D'oibrigh sé i gcomhar leis an Aonad um Iomháu Digiteach ar

bhainistiú iomhánna digiteacha cartlann. Stóráil an tAonad um

Iomháu Digiteach iomhánna ar fheastalaithe agus tá leithroinnt 16TB

aige don stóráil. Faoi dheireadh 2020, bhí 10TB de spás in úsáid.

Tá an tAonad TFC ar an eolas gur gá grinnscrúdú a dhéanamh ar

dhéa-chleachtas maidir le córais TF agus a chinníú go ndéantar

uasghrádú rialta ar na feidhmchláir agus ar na córais ar fad.

Polasaithe slándála agus úsáide.

2.6

Plean an Lucht Saothair

Cuireann an Chartlann Náisiúnta plean bliantúil faoi bhráid na Roinne maidir leis an lucht saothair. Forbraíodh plean nua agus cuirleadh ar

aghaidh é i mí Feabhra 2020. Tugtar leid chiallmhar agus thomhaiste i ngach plean maidir leis an riachtanas d'acmhainní foirne. Luaitear

i bplean lucht saothair 2020 bunriachtanas foirne cothrom le 62

FTE. Airítear poist mar phoist ghairmiúla do chaomhnú agus do

choimeádáilocht ar bhaillíúcháin dhigiteacha faoi seach. Airítear 4 ball

foirne ag grád an Chartlannai air sin chun poist fholmha atá ann a

lionadh. Ní airítear sa líon ball foirne coibhéis lánaimseartha sin (62)

cartlannaithe gairmiúla ar chonradh seasta chun obair a dhéanamh

maidir leis an Riail 20 bliain a chur i bhfeidhm, nó chun an tionscadal

maidir le catalógú cartlann áirithe de chuid Oifig an Phríomh-Rúnai in

Eirinn a thabhairt chun críche (féach 6.5 go 6.6).

Cuirfear plean lucht saothair nua faoi bhráid na Roinne in 2021 lena

gcuirfear in iúl na riachtanais is gá chun uailimhianta agus tosáilochtai i

stratéis na hInstitiúide, *Shaping our Future in the Information Age 2021-*

2025 a bhaint amach.

2.7

I rith na bliana 2020, bhí foireann na Cartlainne Náisiúnta páirteach i gcláir shuntasacha oibre. Tugtar san áireamh leo sin:

2.7.1

Tionscadal Thaisclann na Cartlainne – a bhtuill obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i gceist leis d'fhonn áis stórala ar chaighdeán cartlannaithe a thabhairt chun cinn san fhoirgneamh stórais in áras na Cartlainne ar Shráid an Easpaig.

2.7.3

Beyond 2022 – comhoibriú leanuach leis an tionscadal seo chun iar-Oifig Thairid Phoiblí na hEireann agus a seailúchas cartlainne a athchruthú go digiteach. Fostáilodh foireann bhreise chun tacú le digitiú, caomhnú agus catalógú, agus cuirleadh áiseanna ar fáil ag Sráid an Easpaig.

2.7.4

Tionscadal na dTairlead Tarrthála 1922– i gcomhar le Coimisiún Lámhscríbhinní na hEireann, tionscadal a cuirleadh le chéile chun cáipeisi bunaidh ón 14ú go dtí luath sa 20ú céad a chaomhnú agus a chatalógú, tairid a tugadh slán ó Oifig Thairid Phoiblí na hEireann i ndiaidh na tine in 1922.

Státháipéar a shlinigh Séarlas

l, mí Bealtaine 1628

Ref. NAI/2006/79

Tar eis do Ri Séarlas i teacht i

reim i 1625, rinne na Caitlicigh

níos saibhre a bhí ina bhfeisir

i dTeach na dTarnai in Eirinn

agus i dTeach na dTeachai in

Eirinn beart chun reachtáilocht

frith-Chaitliceach a leasú.

Faol mhi Mheán Fómhair

1626, bhí 26 deonú á

dtairiscint, bhain siad le

saincheisteanna maidir leis an

Eaglais, teideal dli i leith talún,

saoirse trádála agus an Míonn

Ceannais. Míorbh éasca an

séanadh é. Faol mhi Albreáin

1627, bhíoltas den tuairim

go mb'fhearr le muintir na

hEireann mílste faoina

gceannas féin a bheith acu in

áit airgead a thabhairt d'arm

seasta Shearlais.

Faol dheireadh, i mí Bealtaine

1628, tháinig gníomhairí

d'uaisle na hEireann os

comhair chomhairle an Ri i

Londain. Mar chúiteamh ar

51 'Grásta', d'aontáigh siad

£42,626 12s.3d. a chur ar fáil

in aghaidh na bliana ar feadh

trí bliana.

Sonraítear sa dhoiciméad

sinthe seo míondeaili


agus treoracha maidir leis

an méid, comhdhéanamh,

ceannas eagraíochta,

localíocht, pearsanra agus

riarachán airm.



Leithroinnt Airgeadais

2.2

Leagtar amach thíos an leithroinnt airgid, gan pá le buanbhailí foirne a thabhairt san áireamh, a cuireadh ar fáil don Chartlann Náisiúnta as Vóta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i rith na bliana 2020. Níor caithheadh 43% den leithroinnt bliantúil sin faoi dheireadh 2020 mar gheall ar gannchaitheamh a bhain le Covid-19 mar thoradh ar dhaoine a bheith ag obair taobh amuigh den láthair ar feadh roinnt mhaith míonna, rud a chuir moill ar thionscnaimh agus ar thionscadail chaipitil áirithe.

Briseadh síos ar leithroinnt airgeadais na Cartlainne Náisiúnta i leith na mblianta ó 2017 go dtí 2020 mar a luaitear sna Meastacháin Leasaithe bliantúla i ndáil le Seirbhísí Poiblí?

Focheannteideal	2017	2018	2019	2020	€
A.3 Reatha (Deontas i gcabhair – comhionann le hadmhálacha maidir le hábhar cartlainne a chloipeáil, etc.)	40,000	40,000	40,000	40,000	40,000
A.4 Reatha	1,215,000	1,265,000	1,315,000	1,315,000	
A.4 Caipíteal	351,000	351,000	351,000	351,000	351,000
Iomlán	1,606,000	1,656,000	1,706,000	1,706,000	1,706,000

2. Tugtar san áireamh leithroinnt leis an gChartlann Náisiúnta agus le Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta.

2.3

An líon foirne

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, is dúshlán don Chartlann Náisiúnta é a leithroinnt foirne agus níl sí in ann gach ceann dá freagrachtaí reachtach a mar a leagtar amach iad san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, a dhéanamh. I measc na réimsí nach féidir leis an gChartlann Náisiúnta obair a dhéanamh ina leith tá aistriú córasach agus cuimsitheach na dtáifead Roinne ar fad lena mbaineann luach buan chuíg cúram na Cartlainne; próiseáil, catálógú agus caomhnú na gcartlann ar fad faoina cúram le go mbeidh siad ar fáil don phobal, lena n-áirítear go leor bailiúcháin stáiríúil sárluachmhar, agus rochtain níos fearr ar chartlann a thabhairt don phobal trí bhíthin digitiú.

2.4

Fuarthas cead 6 cartlannaí breise a earcú i mí Mheán Fómhair 2020 ar chonarthai téarma seasta 24-mhí, chun tacú le cur i bhfeidhm riail na rochtana 20-bliain i gcomhréir leis an bhforáil faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasu), 2018.

2.5

Tá 49 ball foirne (coibheis lánaimseartha) ag an gChartlann Náisiúnta faoi láthair. Rinneadh feachtas earcaíochta in 2020 chun 3 oifigeach seirbhíse a chuaign ar scor in 2020 a athsholáthar. Ceapadh AOF nua i seirbhísi corparáideacha/Seirbhísi Poiblí, chun OF a chuaign ar scor a athsholáthar. Ceapadh Oifigeach Feidhmiúcháin nua chuíg TFC freisin. Ceapadh Oifigeach Cléireachais nua chun ball foirne ath-ímlonnaithe a athsholáthar. Níl an líon foirne foriomláine sách mór áfach chun bheith ag teacht leis an líon íosta atá de dhíth chun cead a thabhairt don Chartlann Náisiúnta tabhairt faoi raon iomlán na bhfeidhmeanna a leagtar ar thaisclann náisiúnta cartlainne dá mhéid agus faoi réimse na bhfeidhmeanna faoi shainordú.

Cúrsaí Foirne



NAI/GPB/PEN/1888/95/1
Catharine Lavelle, príosúnach i ndDaor-phríosún
Ghráinseach Ghormáin, 1881-1888

2.1

Straitéis

I rith 2020, d'oirigh an bhainistocht agus an fhoireann le chéile chun plean straitéise a ullmhú don Institiúid. I mí na Nollag 2020, foilsíodh straitéis nua, *Shaping Our Future in the Information Age 2021-2025*.

Leagtar amach sraith tosaíochtaí don Chartlann Náisiúnta sa Straitéis, faoi chúig chuspóir straitéiseacha:

- Cinnteoimid go bhfuil ár seirbhísí ábhartha agus cuirfidimid an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr chun cinn
- Forbróimid ár seirbhísí digiteacha le go mbeidh teacht níos fearr ar chartlanna atá faoinár gcoimeád, seirbhís phoiblí feabhsaithe a chur ar fáil agus rannpháirtíocht leis an bpobal a mhéadú trí bhithin clár feabhsaithe oideachais agus for-rochtana
- Cosnóimid taifid an stáit do ghlúnta reatha agus glúnta amach anseo
- Déanfaimid forbairt ar ár gcumas a bheith chun cinn sa ré dhigiteach
- Déanfaimid an institiúid a neartú le bheith ina Chartlann Náisiúnta atá nuálach, freagrúil agus fuinníuil

Leis an straitéis, leagtar amach treochláir don chéad chúig bliana eile lena múnlófar plean oibre corparáideach na Cartlainne Náisiúnta. Cruthaítear spríocphoinnte le huaillmhianta na straitéise, le go mbainfear amach an méid a leanas faoi 2025:

- Beidh an Chartlann Náisiúnta ag obair ar fud an rialtais chun taic le ranna agus gníomhaireachtaí a dtáifid reatha agus amach anseo a bhainistiú tríd an gcreat náisiúnta nua.
- Beidh seirbhísí tionsaíthe úrscothacha cartlainne againn chun taifid an stáit a chosaint agus a chaomhnú agus spásanna poiblí trína gcinnteoфар gur féidir leis an bpobal teacht ar na taifid sin agus leas a bhaint astu.
- Beidh cartlann dhigiteach agus acmhainn nua againn chun bainistiú a dhéanamh ar mhéideanna ollmhóra de thaifid digítighinte a aistriú.
- Beidh clú agus próifíl againn a aithneofar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus beidh an eagraíocht oiriúnach don fheidhm, fuinníuil agus nuálach chun taic leis an bhfoireann dhigiriseach.

1.20

Tá fadhb chasta cruthaithe ag an easpa treorach praiticiúla maidir le coinnéail sonrai agus taifead ó tháinig an RGCS i bhfeidhm. Tá cur chuige nach mbaineann ach le cosaint sonrai amháin glactha ag go leor comhlachtaí, iad sin atá faoi réir ag an Acht um Chartlann Náisiúnta agus iad sin atá lasmuigh de raon feidhme an Achta faoi láthair. Ní chuirtear an creat bainistíochta faisnéise níos leithne san áireamh sa chur chuige sin, ná ní aithnítear an comhthéacs inar cruthaíodh na taifid. Le hAirtéagal 5 den RGCS, déantar foráil do shonrai pearsanta a choinneáil chun críocha níos mó ná an críoch gnó bunaidh chun críocha cartlannú ar mhaithe le leas an phobail, agus chun críocha taighde eolaíochta, stairiúil agus staitistiúil. Tá na maoluithe sin curtha san áireamh san Acht um Chosaint Sonrai, 2018 in ailt 42, 54 agus 55 mar aithneantas ar an rithabhadh a bhaineann le sonrai pearsanta d'innmharthanacht taighde le himpeacht ama. Chun oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonrai a chomhlíonadh, ní mór do ranna agus do ghníomhaireachtaí a chinntiú go bhfuil forálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 á gcomhlíonadh acu freisin. Sular féidir taifid a scríos, a choimeád nó a choinneáil siar óna scrúdú ag duine den phobal, tá feidhm le forálacha áirithe den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus de Rialacháin na bliana 1988. Is é a chiallaíonn sin go praiticiúil nach féidir le Roinn Stáit ná comhlacht eile a thagann faoi scáth an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, taifead roinne ar bith a dhíúscairt gan cead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta. Sa chás go sonraítear gur fiú taifid roinne a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne ach nár aistríodh go fóill iad chuig an gCartlann Náisiúnta, ní bheidh an Rialachán RGCS á shrianadh agus cosc a chur ar bhreis próiseála orthu. Is amhlaidh sin maidir le taifid páipéir agus taifid leictreonacha araon. Ní mór do na Ranna Stáit taifid roinne a sonraítear gur fiú iad a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne a choimeád agus iad a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta nuair a bhíonn 30 bliain caite, taifid san áireamh a bhfuil sonrai pearsanta iontu. Tá imní ar an gCartlann Náisiúnta faoi chur i bhfeidhm na reachtaíochta um chosaint sonrai agus díúscairt neamhdaraithe taifead. Tá imní ormса freisin faoi thairfid de chuid comhlachtaí nach dtagann faoi raon feidhme an Achta um Chartlann Náisiúnta a chosaint in éagmais aon chaighdeáin éigeantacha maidir le bainistíocht taifead lena dtabharfaí soiléire do choinneáil aicmi

áirithe taifead.

1.21

In 2020, chuathas i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta faoin Tuarascáil Chríochnaitheach ón gCoimisiún Imscrúdúcháin (Arais Maithearcha agus Naíonán agus Níthe Áirithe Gaolmhara) agus faoi Scéim Ghinearálta an Bhille um Adhlacthaí Institiúideacha Áirithe (an Bille um Idirghabháil Udaraithe).

Gnéithe Eile Reachtaíochta agus Rialacháin a Bhaineann le hÁbhar Cartlainne

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Saoráil Faisnéise

Tá tábhacht ollmhór leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014, (na hAchtanna SF) maidir le hobair na Cartlaine Náisiúnta. Tháinig an chéad Acht ó 1997 i bhfeidhm ar an 21 Aibreán 1997, agus tá leathnú ó shlin ar réimse na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoina scáth.

Tá an Chartlann Náisiúnta féin ar cheann de na comhlachtaí poiblí a liostaítear sna hAchtanna SF agus tagann taifid atá i dtaisce sa

Chartlann Náisiúnta, agus nach bhfuil ar fáil lena scrúdú ag an bpobal ar bhealach eile, faoi scáth fhorálacha na nAchtanna. Foráilítear in alt 46(2) den Acht SF 1997 nach bhfuil feidhm leis an Acht maidir le taifead atá ar fáil lena scrúdú ag duine den phobal. Dá réir sin, ní bhaineann na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise leis an ábhar cartlaine atá i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta agus a chuirtear ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.

Cosaint Sonraí

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, curtha i bhfeidhm in Éirinn trí

bhíthín an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Tagann gach eagraíocht, poiblí agus príobháideach, a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta faoi réir fhorálacha an Rialacháin RGCS. Tagann san áireamh na Ranna Stáit ar fad agus na comhlachtaí eile ar fad a thagann faoi scáth an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Trina cuid oibre le

ranna agus le gníomhachtaí, d'éirigh an Chartlann Náisiúnta ar an eolas faoi neamhréireachtaí i gcur i bhfeidhm na reachtataíochta um chosaint sonraí, agus easpa feasachta agus oiliúna maidir leis an gcreat rialachais faisnéise níos leithne faoina n-oibríonn an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí. D'áinneoin na treorach a

foilsíodh agus rannpháirtíocht leanúnach na Cartlaine Náisiúnta, tá imní orm go bhfuil an easpa comhsheasmhachta agus rialachán

eigeantach maidir le bainistíocht taifead ag cur an taifid phoiblí i mbaol. Tá cur chuige tras-rialtais de dhíth chun plé le go leor de

na saincheisteanna maidir le taifid a choinneáil ina bhfuil faisnéis phearsanta, mar a sainmhínítear iad san RGCS, chun soiléire agus comhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh chur i bhfeidhm an dli

agus comhlíontacht le hoibleagáidí maidir le diúscairt údaráithe taifead, de réir mar a leagtar amach in alt 7 den Acht um Chartlann

Náisiúnta, 1986.

1.13 Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasu), 2018, a achtaíodh i mí

Lúnasa 2018, is féidir leis an Aire aicmi faoi leith a shonrú faoi ordú reachtúil ar féidir iad a chur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal nuair is sine iad ná 20 bliain. Ní dhearnadh aon dul chun cinn suntasach i ndáil le ordú den sórt sin a dhéanamh in 2020, mar gheall ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19, go príomha. Mar sin féin, ceadatódh an sainordú chun tús a chur le 6 chartlannaí breise a earcú i mí Mheán Fómhair 2020 ar conarthaí téarma seasta 24-mhí, chun tacú le cur i bhfeidhm riail na rochtana 20-bliain i gcomhréir leis an bhforáil faoin Acht thuasluaite.

1.14 I rith 2020, rinne Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Oifig an Ard-Aighne obair uillmhúcháin ar ábhar ábhartha a shainaitheint agus a chatalógú (i.e. ábhair a bhaineann le gnóthaí Angla–Éireannacha). Rinne an Rannán Abhair Chartlaine agus Seirbhísí Rialtais plé rialta leis na Ranna Stáit sin, agus leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le taifid a aistriú faoin Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasu), 2018. Bhí an Rannán i dteagmháil le hOifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann faoin ábhar agus faoi shaincheisteanna gaolmhara.

1.15 Réimse suntasach amháin nach gcruithaíonn an tseirbhís phoiblí in Éirinn go maith ina leith is ea bainistíocht ar chaighdeán maith a dhéanamh maidir le taifid agus faisnéis. Tarraingíodh aird air seo in imeachtaí agus i dtuarascálacha roinnt binsí fíorstúcháin, agus tagraítear dó freisin i dtuarascálacha ón gCoimisinéir Faisnéise.

1.16 D'fhonn feabhas a chur ar bhainistíocht na seirbhíse poiblí in Éirinn ar thaifid agus ar fhaisnéis, ba chóir feidhm a bhaint anois as cumhacht a leagtar ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, Alt 8(11)(b) agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, Alt 19(3) agus rialacháin reachtúla maidir le bainistíocht taifead a dhéanamh ionas go bhféadfaidh an Chartlann Náisiúnta treoirlinnte mionsonraithe maidir le bainistíocht éigeantach taifead a eisíúint. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta maidir le bainistíocht taifead agus rialachas sonraí, lena n-áirítear an Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bainistíocht Taifead, ISO 15489-1:2016 agus caighdeáin ghaolmhara, a chur san áireamh agus aon rialacháin agus treoirlinnte a ndréachtú. Tugtar tuairisc i gCodanna

3.8 go 3.17 thíos ar bhainistíocht taifead seirbhíse poiblí.

1. https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309-Guidance-Note_GDPR_V4.pdf.

Tá gá práinneach ann do reachtaíocht nua chun aghaidh a thabhairt ar easnamh san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus rinneadh aighneacht mhionsonraithe maidir leis sin chug an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a bhí ann ag an am in 2013.

An t-easnamh is mó san Acht ná, cé go bhfuil forálacha sainordaitheacha ann a bhaineann le Ranna Stáit (lena n-áirítear na cúirteanna agus coimisiúin agus coistí fiosrúcháin), ní bhaineann aon cheann díobh le gníomhaireachtaí stáit taobh amuigh de státseirbhís na Roinne, ná le go leor gníomhaireachtaí faoi choimirce an rialtais láir arna mbunú ó 1986 i leith. Sna cásanna inar aistríodh tairfid de chuid ghníomhaireachtaí den chineál sin go dtí an Chartlann Náisiúnta, is dá ndeoin féin amháin a rinne an líon beag gníomhaireachtaí sin. D'iarr an Chartlann Náisiúnta comhairle dlí maidir le comhlachtaí nua a áireamh sa Sceideal leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 mar gheall go raibh curtha in iúl ag comhlachtaí áirithe gur mhian leo a theacht faoi réir na bhforálacha, go háirithe i gcomhthéacs an Rialachán RGCS agus cartannaíocht a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

Tá gá le forálacha sainordaitheacha freisin, lena n-áirítear rialacháin um bhainistíocht tairfead a thabhairt isteach, chun cosaint reachtach níos éifeachtaí a chinntiú do thairfid arna gcruthú agus arna gcoinneáil i bhformáid pháipéir agus dhigitigh, agus na deacrachtaí sonracha a bhaineann le tairfid digithinte a bhainistiú agus a chaomhnú.

Chomh maith leis sin, ní dhéantar foráil ar bith faoi láthair do chaomhnú ag an gChartlann Náisiúnta ar thairfid na gComhlachtaí Thuaidh Theas atá ar bun faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Ní thagann tairfid na gcomhlachtaí sin faoi scáth na Cartlainne Náisiúnta ná Oifig Tairfead Poiblí Thuaisceart Éireann. Tá comhfhreagras déanta leis an dá fhoras ag ionadaithe na gcomhlachtaí sin maidir le bainistíocht agus caomhnú ar na tairfid.

An tAcht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018
Leasíodh dlí na cartannaíochta sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2010 ionas gur giorraíodh an tréimhse 30 bliain a mbeadh tairfid rialtais le cur ar fáil ina dhiaidh lena scrúdú ag an bpobal go dtí tréimhse 20 bliain. Tá an giorrú seo ar an tréimhse srianta á thabhairt i bhfeidhm de réir a chéile, cuireadh tús leis sa bhliain 2013 agus beidh sé críochnaithe faoin mbliain 2023. Ó tharla go bhféadfadh sin cur isteach ar thaighde agus scoiláireacht chothrom maidir le hÉirinn, go háirithe maidir leis an stair Angla-Éireannach, tugadh leasú den chineál céanna ar reachtaíocht na hÉireann isteach i rith na bliana 2018.



NAI/CSO/RP/1917/2556
'Scannán Mímhórálta Llomhnaithe', gearán chug Oifig an Phríomh-Rúnai maidir le taispeáint scannáin dar téideal 'The Devil' a bhí beartaithe ag an Rotunda i mí Iúil 1917

An Tacht Um Chartlann

Náisiúnta, 1986

Is é an Tacht um Chartlann Náisiúnta 1986 agus na Rialacháin faoin Acht sin atá de bhonn reachtaíochta faoin gChartlann Náisiúnta. Ar a theacht don Acht i bhfeidhm sa bhliain 1988, rinneadh Oifig na dTairlead in Éirinn (a cuireadh ar bun sa bhliain 1867) agus Oifig na Stát-Phaipéar (a cuireadh ar bun sa bhliain 1702) a chónascadh agus an Chartlann Náisiúnta a chruthú.

An tAire atá freagrach as an gChartlann Náisiúnta
Is comhlacht reachtúil í an Chartlann Náisiúnta laistigh den státseirbhís. Bhí sí mar chuid de Roinn an Taoisigh nuair a bunaíodh í sa bhliain 1988.

1.3
Ón mbliain 1993 i leith, tá an chuid is mó de na cumhachtaí a leagtar ar an Taoiseach faoin Acht á bhfeidhmiú ag an Aire ag a mbíonn an aireacht maidir le cúrsaí ealaíne agus cultúir agus an tAire sin ar an gcomhaltas den Rialtas atá freagrach as an gChartlann Náisiúnta. Tá roinnt de na cumhachtaí a bhaineann le tairfid Roinne á bhfeidhmiú i gcónaí ag an Taoiseach.

1.4
Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta
Faoi rialú agus faoi bhainistiú an Stiúrthóra, arna cheapadh ag an Aire, a fheidhmíonn an Chartlann Náisiúnta. Tá an Stiúrthóir freagrach don Aire agus tugtar achóimre ar fheidhmeanna an Stiúrthóra in Alt 4(1) an Achta. Airtítear orthu an chuid seo a leanas:

- an Chartlann Náisiúnta a rialú agus a bhainistiú;
- ábhar cartlainne atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta a chomhnu, a athchóiriú, a eagrú agus tuairisc a thabhairt air;
- ábhar cartlainne a chur ar fáil lena scrúdú go poiblí de réir an Acht agus cóipeanna d'ábhar cartlainne a chur ar fáil;
- eolairí, liostaí, innéascanna agus áiseanna fála eile maidir le hábhar cartlainne a ullmhú agus a chur ar fáil agus ábhar cartlainne, áiseanna fála agus foilsíocháin eile maidir le hábhar cartlainne a fhoilsiú;
- tairfid Roinne a scrúdú agus a fháil de réir an Acht agus iniúchadh a dhéanamh ar shocrúithe i ndáil le tairfid Roinne a chaomhnu;
- tairfid eile a bheadh oiriúnach le caomhnu ag an gChartlann Náisiúnta a fháil;
- comhairle a thabhairt do chomhaltai den Rialtas agus d'aon eagraíocht seirbhíse poiblí maidir le tairfid atá faoina rialú a bhainistiú, a chaomhnu agus a atáirgeadh.

An Tacht Um Chartlann Náisiúnta, 1986

Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta

Foráilítear freisin faoin Acht do Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta a chur ar bun. An tAire a cheapann comhaltai na Comhairle arb é a leagtar de phríomhfheidhm uirthi faoin reachtaíocht comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le cumhachtaí faoi Acht na bliana 1986 a fheidhmiú, faoi gach ní a bhaineann le hábhar cartlainne faoi réir scóip an Achta, agus faoi úsáid ábhar na cartlainne ag an bpobal. Ar an 19 Iúil 2017 a ceapadh comhaltai reatha na Comhairle agus leanfaidh a dtéarma oifige go dtí an 18 Iúil 2022. Tugtar liosta na gcomhaltai reatha in Agusín A.

1.6
I rith na bliana 2020, tháinig Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta le chéile ag ceithre cinn de chruinnithe: An 3 Feabhra; an 21 Meán Fómhair, an 19 Deireadh Fómhair; agus an 23 Samhain.

Tuarascálacha Bliantúla
Foráilítear le hAlt 21 an Achta do thuarascáil bhliantúil arna cur faoi bhraíd an Aire ag an Stiúrthóir maidir le hobair na Cartlainne Náisiúnta, do thuarascáil arna cur faoi bhraíd an Aire ag Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta faoi obair na Comhairle, agus do chur faoi deara ag an Aire cóipeanna de na tuarascálacha sin a leagan faoi bhraíd gach Tí den Oireachtas.

1.5

1.6

1.7

Tuarascáil Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta i leith na bliana 2016.





Orlaith McBride
An Stiúrthóir
An Chartlann Náisiúnta
Lúnasa 2021

An 21 Aibreán 2020, chuaigh mé i mbun mo phoist mar Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta i lar phaindéim Covid-19. Dúnadh an institiúid don phobal ó mhi an Mhárta go dtí mí an Mheithimh 2020, athoscailodh i don phobal go dtí mí Mheán Fómhair 2020 agus dúnadh arts i go dtí mí na Nollag 2020 nuair a athoscailodh í ar feadh trí seachtaine. I rith na dtreimhsí dúnta sin, d'fhreastail an fhoireann ar an gCartlann Náisiúnta chun obair riachtanach a dhéanamh a bhain leis na bailiúcháin a bhainistiú, lenar áiríodh an taisce de thaird roinne 30 bliain d'aois a bhí le cur ar fáil don phobal in 2021, chomh maith le seirbhís, amhail cóipeanna deimhnithe agus ábhar digítithe, a sholáthar de réir mar a iarraidh iad.

In 2020, ba chúis bhróin dúinn bás ár gcomhghleacaí, Gregory O'Connor, a raibh an-mheas air, agus a ndeachaigh ar shíl na firinne go tobann agus go hanabai an 31 Nollaig. Chaith sé os cionn tríocha bliain ina chartlainnai dúthrachtach agus diograíseach sa Chartlann Náisiúnta, é ag obair go ciúin agus gan staonadh lena chinntiú go mbeadh rochtain ag lucht taighde, lucht staire agus ag an bpobal ar thaird shárluachmhara an Stáit.



Cúrsaí Reachtaíochta agus Rialacháin

An bhliain 2020 in uimhreacha

1,843

lomlán na dtaighdeoirí a d'úsáid an Seomra Léitheoireachta

1,134

Cuireadh comhairle i scríbhinn maidir le taighde ginealaigh ar fáil do dhaoine aonair den phobal

10,442,440

Tapaidh leathanaigh ar phríomhláithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta, i rith na bliana 2020

228%

Tháinig méadú 228% ar ár lucht leantóirí ar Twitter sa tréimhse Márta-Nollaig 2020

638

Eisíodh 2,773 Ticeád Léitheora i rith na bliana 2020

Clár

Aguisíní

1.	Cúrsaí Reachtaíochta agus Rialacháin	5
2.	Acmhainní agus Rialachas Corparáide	14
3.	Abhar Cartlainne a Shealbhú agus Seirbhísí Rialtais	26
4.	Abhar Cartlainne a Stóráil agus a Chaomhnú	45
5.	Seirbhísí don Phobal	52
6.	Aiseanna Aimsithe agus Digitíú	62
7.	Comhar, Comhoibriú agus Oiliúint	66
A.	Comhaltai na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta ar an 31 Nollaig 2020	78
B.	An Seomra Léitheoireachta agus Láithreáin Gréasáin a n'úsáid ag an bPobal	79
C.	Fáltais 2020	82
D.	Ais Chuardaigh arna bhFoilsíú ar Láithreán Gréasáin na Cartlainne Náisiúnta le linn na bliana 2020	92
E.	Deimhnithe Diúscartha eisithe 2020	94



An Chartann Náisiúnta
National Archives

Tuascail Stúirthóir na Cartlainne Náisiúnta don bhliain 2020

